# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2022

# SCÉIM MARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Déanach

# ARDLEIBHÉAL

## Nótaí Mínithe Marcála Ar Líne

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| [ ] | Lúibíní cearnógacha | Léirítear tús agus deireadh an ailt ar cheart Marcanna Carnacha (MCanna) a bhronnadh dóibh |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/le tuillteanas (ní bhronntar aon mharc ar thic bán) |
| 0 | Náid | Náid bronnta |
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna bronnta (e.g. 5 mharc) |
| P5 | Barraíocht marcanna ailt | Mar ar bronnadh an marc ab airde MCanna incheadaithe ar fhreagra, bronnfar marcanna measta ar aon ábhar breise le luach náid i gceist (e.g. 5 "mharc") |
| ✗ | Crosáil/X | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach/roinn a chonaic an ceartaitheoir |
| —— | Líne chothrománach | Cuir líne faoi |
| **GF** | Gan Freagra | Níor freagraíodh an cheist |

Tabhair do d'aire: b'fhéidir nach mbainfeadh roinnt nótaí mínithe le hábhar maidir le scripteanna ar leith.

*AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
*(100 marc)*

***LÉITEAR AN tIOMLÁN SULA MARCÁILTEAR AON NÍ!***

## PLEAN IMLÍNEACH (15 marc)

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar agus teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g. foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = uasmhéid 6 mharc maidir le trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche staidéir thaighde.' RO/CNCM Treoirlínte, lch 14.

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir le gach ceann de na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| ***Sainiú agus bunús*** | ***Aidhmeanna a shonrú*** | ***Cur chuige a shonrú*** |
|---|---|---|
| (uasmharc = 3 mharc) | (uasmharc = 3 mharc) | (uasmharc = 3 mharc) |
| Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 |
| Go maith = 2 | Go maith = 2 | Go maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 mharc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt do na TRÍ fhoinse GO LÉIR | ***Sármhaith:*** 22-25 marc<br>***An-mhaith:*** 17-21 marc<br>***Go Maith:*** 13-16 mharc<br>***Réasúnta:*** 9 marc-12 mharc<br>***Lag:*** 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***Sármhaith:*** 15-17 marc<br>***An-mhaith:*** 12-14 mharc<br>***Go Maith:*** 9 marc-11 mharc<br>***Réasúnta:*** 6 mharc-8 marc<br>***Lag:*** 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***Sármhaith:*** 8-9 marc<br>***An-mhaith:*** 6 mharc-7 marc<br>***Go Maith:*** 4-5 mharc<br>***Réasúnta:*** 2-3 mharc<br>***Lag:*** 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***An-mhaith****:* 16-20<br>***Go maith****:* 11-15<br>***Réasúnta****:* 6-10<br>***Lag****:* 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc – Mar shampla***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***An-mhaith****:* 10-12<br>***Go maith****:* 7-9<br>***Réasúnta****:* 4-6<br>***Lag****:* 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Comhleanúnachas<br>Leagan Amach | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***An-mhaith:*** 7-8<br>***Go maith****:* 5-6<br>***Réasúnta****:* 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***An-mhaith:*** 7-8
***Go Maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

## *Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB) (100 marc)*

***1. Léirthuiscint (20 marc)***

(a) Mar fhreagra ar mholadh Lockwood nach mbeadh an dara hollscoil TÉ lonnaithe i nDoire. 5M

(b) Conbhua gluaisteán chuig foirgnimh na parlaiminte i mBéal Feirste/Stormont. 5M

(c) Breathnaíodh orthu mar fhealltóirí i nDoire/thacaigh siad le Cúil Raithin seachas a gcathair féin. 5M

(d) Ceacht in eagrúchán/conas agóid a dhéanamh in aghaidh éagóra. 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) **Is ea,** aontaíonn an dá dhoiciméad gur dhiúltaigh coiste Lockwood Doire mar shuíomh ollscoile nua do Thuaisceart Éireann agus léiríonn an dá cháipéis gur ghlac rialtas Thuaisceart Éireann le moladh Lockwood.
Glac le freagraí a áitíonn nach n-aontaíonn an dá dhoiciméad le hábhar Thuarascáil Lockwood.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na bpointí tacaíochta:

- Tá moladh Lockwood intuigthe i ndoiciméad A. Is "mothúchán dian díchreidimh" é freagairt mhuintir Dhoire maidir le conclúid Lockwood.
- I ndoiciméad A, eagraíonn muintir Dhoire agóid i gcoinne mholadh Lockwood.
- Tá "uafás" ar go leor daoine i nDoire nuair a thuigeann siad nár thacaigh roinnt daoine Aontachtacha mór le rá sa chathair leis an gcathair mar shuíomh don ollscoil nua, dar le doiciméad A.
- Luaitear i ndoiciméad A gur thug an Príomh-Aire O'Neill neamhaird ar an agóid agus gur chinn rialtas Stormont an dara ollscoil sa Tuaisceart a lonnú i gCúil Raithin.
- Deirtear go soiléir sa chéad alt de dhoiciméad B gur mhol Tuarascáil Lockwood "go ndéanfaí ollscoil nua do Thuaisceart Éireann a shuíomh i gCúil Raithin" agus gur "seachnaíodh" Doire.
- Úsáideann muintir Dhoire "gníomh díreach measartha" chun agóid a dhéanamh in aghaidh an mholta.
- Tugann Doiciméad B le tuiscint gur ghlac an rialtas le moladh Lockwood agus é ag rá gur "theip" ar na héilimh ar an ollscoil a lonnú i nDoire.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 marc Go han-mhaith = 4 marc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagair agus tagairt agat don dá dhoiciméad = 5M uasmharc 10M

*(b)* Tugann an dá dhoiciméad le fios go raibh Náisiúnaithe agus Aontachtaithe aontaithe in aghaidh Thuarascáil Lockwood ach deir an dá dhoiciméad freisin gur bhain Aontachtaithe áirithe an bonn de na hagóidí trí thacaíocht rúnda a thabhairt do Chúil Raithin mar an suíomh don ollscoil nua.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na bpointí tacaíochta:

- I ndoiciméad A, deir an tEaspag Daly go raibh "an dá thaobh de phobal Dhoire, Náisiúnaithe agus Aontachtaithe" i láthair ag an gcruinniú poiblí agus go raibh "gach duine ar an aon intinn".
- I ndoiciméad A, tugann an fhíric gur ghlac "an chuid is mó de na gluaisteáin" i nDoire páirt sa chonbhua gluaisteán go Béal Feirste le fios go raibh Náisiúnaithe agus Aontachtaithe araon páirteach san agóid.
- Tagraíonn doiciméad A, áfach, do dheighilt laistigh d'Aontachtaithe i nDoire, cuid acu a chuir go rúnda i gcoinne lonnú na hollscoile nua sa chathair. Spreag gníomhartha na "nAontachtaithe mór le rá seo, mórshaoránaigh Dhoire" "uafás i measc cuid mhór de dhaonra Dhoire".
- I ndoiciméad B, deir Inez McCormack gur "aontaigh Tuarascáil Lockwood an chathair in uafás".
- Déanann McCormack cur síos níos mine ar na deighiltí laistigh den Aontachtachas. Tagraítear do na hAontachtaithe a thacaigh go rúnda le Lockwood mar "Lundys an lae inniu" nó mar fhealltóirí. Tá gníomhartha na "Seacht bhFear Gan Ainm" i gcodarsnacht leis an "ionsaí fíochmhar" ar Thuarascáil Lockwood a sheol "MP Aontachtach radacaí, Desmond Boal".

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 marc    Go han-mhaith = 4 marc    Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc    Lag = 0-1 mharc

Freagair agus tagairt agat don dá dhoiciméad = 5M uasmharc    10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Féadfaidh iarrthóirí tuairimí dearfacha agus/nó diúltacha a thabhairt ar luach dírbheathaisnéise mar bhunábhar stairiúil.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

- Is foinse phríomha é, a scríobh finné súl ar na himeachtaí a gcuirtear síos orthu.
- Le dírbheathaisnéis is féidir freagairt phearsanta an duine aonair a fháil ar imeachtaí tábhachtacha poiblí. Léiríonn cur síos Daly "mothú dian díchreidimh" i measc mhuintir Dhoire an mothúchán preibe gur seachnaíodh an chathair.

- Tugann dírbheathaisnéis Daly léargas ón talamh aníos dúinn ar imeachtaí seachas cuntas ó bharr anuas ó pholaiteoir nó léargas ón taobh amuigh ó iriseoir/acadúil, etc.
- Is féidir le dírbheathaisnéis mothú báúil tuisceana a éascú maidir le himeachtaí, amhail éisteacht leis na "hóráidí paiseanta" ag an "gcruinniú poiblí plódaithe" nó cuairt a thabhairt ar Stormont don chéad uair.
- Is féidir le dírbheathaisnéis feasacht an phobail atá ag dul i méid i leith duine aonair a léiriú, mar shampla an tAth. Daly ag cur síos ar thús a bhainte le gnóthaí poiblí. Ba é sin "an chéad uair ag cruinniú poiblí den chineál sin" dó. Ba é seo a chéad chuairt ar Stormont, agus bhí sé "tógtha" leis an "foirgneamh ollmhór... an tsráid fhada chuige...".
- B'fhéidir go bhfuil tábhacht phoiblí ag baint leis an duine aonair féin. Anseo, feicimid an tEaspag Daly amach anseo, a raibh ról lárnach aige i nDomhnach na Fola agus in imeachtaí eile, ag cur síos ar an gcaoi ar ghlac sé páirt i ngnóthaí poiblí ar dtús.
- Is rud maith í dírbheathaisnéis maidir le mothúcháin a chur in iúl, chomh maith le hábhar fíorasach. Déanann Daly cur síos ar mhothúcháin "dhíchreidimh" i nDoire, ar an gcaoi a raibh Stormont agus lucht agóide Dhoire "iontach" (ina thuairim féin), agus ar an bhfrustrachas a bhí ann nuair a dhiúltaigh O'Neill "liobrálach líomhnaithe" don agóid.
- Tugann dírbheathaisnéis deis don scríbhneoir, atá ag breathnú siar ar imeachtaí a shaoil/a saoil, imeachtaí a chur i gcomhthéacs. Léiríonn conclúid Daly "nach mbeadh rudaí mar a chéile arís" go raibh conspóid Ollscoil Chúil Raithin mar phríomhphointe i stair Dhoire agus Thuaisceart Éireann.
- D'fhéadfadh míbhuntáistí a bheith ag baint le dírbheathaisnéis freisin. Tá dírbheathaisnéis teoranta do pheirspictíocht duine amháin nach mbeadh a fhios aige nó aici na fíricí go léir a bhaineann le himeacht ar leith.
- Is é dearcadh Daly ná dearcadh ó shagart Caitliceach (easpag níos déanaí) i nDoire agus b'fhéidir go bhfuil a thuairimí claonta. Cuireann sé síos ar Terence O'Neill mar dhuine "liobrálach líomhnaithe" rud a thugann le tuiscint nach raibh Ó Néill liobrálach ar chor ar bith.
- Is dócha gur chuir stádas níos déanaí Daly mar easpag Dhoire srian air sa chaoi a ndéanann sé cur síos ar imeachtaí. Déanann sé iarracht tuin an-chothrom a choinneáil, rud nach léiríonn, b'fhéidir, an fíor-mhothúchán feirge a bhí ann ag an am. Is measartha an tagairt a rinne sé do "Aontachtaithe suntasacha". Deir sé "nár thacaigh" na fir seo le Doire, ach go ndéanann tráchtairí eile (Inez McCormack ina measc) tagairt dóibh mar "Lundys" nó mar fhealltóirí. Ní thugann Daly aghaidh ar cheist an tseicteachais sa sliocht seo.

*Marcáiltear caighdeán an fhreagra ar scála aistritheach as 10:*

Sármhaith = 9-10 marc    Go han-mhaith = 7-8 marc    Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc    Lag = 0-2 mharc    10M

(b) Féadfaidh iarrthóirí argóint a dhéanamh ar son agus/nó i gcoinne na tuairime go bhfuil doiciméad B oibiachtúil. Déan an freagra a mheas maidir le cáilíocht na bpointí a rinneadh chun tacú leis an tuairim a thugtar.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

- D'fhéadfadh an t-iarrthóir iarracht a dhéanamh an méid a thuigeann sé/sí le hoibiachtúlacht a shainiú, e.g. cuntas cothrom a thabhairt ar imeachtaí / iarracht a dhéanamh gach taobh a chur san áireamh / saoirse ó chlaonadh / gan a bheith aontaobhach nó pearsanta / eisiamh mothúcháin nó creideamh pearsanta, etc.
- Caitheann McCormack súil siar ar imeachtaí óna dearcadh mar cheardchumannaí agus mar ghníomhaí cearta daonna, mar sin ní féidir glacadh léi mar fhoinse oibiachtúil.
- Cuireann McCormack tuairimí láidre in iúl i ndoiciméad B. Tugann sí "cinneadh polaitiúil soiléir" ar Thuarascáil Lockwood agus tugann sí "Lundys an lae inniu" arna spreagadh ag "cuspóirí seicteacha" ar na mórshaoránaigh Aontachtacha a thacaigh go rúnda leis an Tuarascáil.  Tá sí i bhfabhar gluaiseacht na gceart sibhialta, ag cur síos ar a ngníomhartha mar rudaí "síochánta agus diongbháilte" agus ag rá go ndearna stát TÉ iarracht arís agus arís eile muintir Dhoire a "náiriú". Is téarmaí mothúchánacha seachas téarmaí oibiachtúla iad seo.
- Déanann McCormack iarracht a bheith oibiachtúil trí raon tuairimí a thabhairt ina cuntas ar imeachtaí. Déanann sí cur síos ar an mbraistint "uafáis" i measc shaoránaigh Dhoire agus tugann faisnéis freisin faoi na "Seacht bhFear Gan Ainm" agus faoin "MP Aontachtach radacaí", Desmond Boal.
- D'fhéadfadh iarrthóirí a mhaíomh go bhfuil doiciméad B oibiachtúil mar sin, de thairbhe gurbh as cúlra Protastúnach í Inez McCormack agus gur chuir sí i gcoinne chinneadh Lockwood. Léiríonn sí a cuid oibiachtúlachta de thairbhe nár lean sí dearcadh neamhghéilliúil na nAontachtaithe.

*Marcáiltear caighdeán an fhreagra ar scála aistritheach as 10:*

Sármhaith = 9-10 marc    Go han-mhaith = 7-8 marc    Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc    Lag = 0-2 mharc    10M

***4 Comhthéacsúchán (40 marc)***

Conas a chuir conspóid Chúil Raithin agus ábhair eile leis an teannas i nDoire idir lár agus deireadh na 1960idí? (Tabhair do d'aire go bhfuil *dhá* chuid ann.)

I gceist 4, tosaítear le marcáil de réir ailt.

**Marc Carnach** = Uasmharc. 24 mharc **Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmharc 16 mharc

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an ceartaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh alt nó a chomhionannas pointí dá leithéid seo:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eipeasóid, pas nó stáitse i seicheamh eachtraí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráitis fíorais shuntasacha, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheasúnú mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

I ndiaidh an cheist a roinnt ina hailt nó a gcomhionannas, bronnfaidh an ceartaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Sármhaith***: | 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir é, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith***: | 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith***: | 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta***: | 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair. |
| ***Lag***: | 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 14-16 mharc |
| ***An-mhaith:*** | 11-13 mharc |
| ***Go Maith:*** | 6-10 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 2-3 mharc |
| ***An-lag:*** | 0-1 mharc |

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leanann prionsabal seo na marcála de réir ailt (MC agus MG) ar aghaidh ar feadh Roinn 2 agus 3. Tá an coibhneas MC go MG le fanacht mar 60/40 ar feadh an scrúdpháipéir.

***Roinn 2 agus Roinn 3:***
***AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 MARC)***

***2022: Freagair ceist AMHÁIN as gach ceann de DHÁ thopaic.***

I Roinn 2 agus 3, iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist staire. Marcálfar a bhfreagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** do chaighdeán an fhreagra trí chéile i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Uasmhéid MG = 40 marc.

***Marcáil an Freagra***

Chun an freagra a mharcáil, rachaidh an ceartaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir ag an leibhéal seo agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas. Roinnfidh an ceartaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eipeasóid, pas nó stáitse i seicheamh eachtraí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráitis fíorais shuntasacha, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheasúnú mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Bronnfaidh an ceartaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmhéid = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith**:* 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***An-mhaith**:* 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith**:* 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta**:* 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| ***Lag**:* 0-2 mharc | Gan tábhacht/gan baint le hábhar/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmharc = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***An-mhaith:*** 28-33 marc | Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Go Maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 mharc | Iarracht mheasartha ar an gceist a leagadh amach, ach tá lochtanna inaitheanta ann, e.g.: clúdach neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas fíorasach. |
| ***Lag**:* 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *Roinn 2: ÉIRE*

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (freagraí rialtais + freagraí príobháideacha)
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (sa bhaile + thar lear)
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth + conas)
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
TABHAIR DO D'AIRE: DHÁ ghné
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 4*
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   TABHAIR DO D'AIRE: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

*Éire: Topaic 6*
**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Lemass + Whitaker)
   Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (an tArdeaspag McQuaid + an Vatacáin II)
   Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
TABHAIR DO D'AIRE: DHÁ ghné
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
TABHAIR DO D'AIRE: DHÁ ghné
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (neamhsheasmhach go polaitiúil + táirgiúil go cultúrtha)
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
TABHAIR DO D'AIRE: DHÁ ghné
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (cogadh + síocháin)
Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (tionscain + forbair)
   Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG 40
   TABHAIR DO D'AIRE: DHÁ ghné (rath + teip)
   Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: An uimhir iolra: "Tíortha Eorpacha"
   Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (fadhbanna + cé chomh héifeachtach)
   Mura bhfuil ann ach CEANN amháin, Uasmharc. MC = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

